C/2026/2592

5.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12424 — OCTOPUS ENERGY GROUP / SCHNEIDER ELECTRIC / UPLIGHT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2592)

1. An 15 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Octopus Energy Group Limited ('Octopus Energy'), an Ríocht Aontaithe,

— Schneider Electric SE ('Schneider Electric'), an Fhrainc,

— Uplight, Inc. ('Uplight'), na Stáit Aontaithe.

Gheobhaidh Octopus Energy agus Schneider Electric rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Uplight.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Octopus Energy gníomhach i soláthar leictreachais agus gáis do chustaiméirí cónaithe agus gnó, sa Ríocht Aontaithe go príomha. Ina theannta sin, bainistíonn sé agus cuireann sé comhairle ar chistí infheistíochta a shealbhaíonn sócmhainní giniúna fuinnimh, agus oibríonn sé gnólachtaí a bhaineann le leasú feithiclí leictreacha agus le teaschaidéil agus grianfhuinneamh a chur ar fáil.

— Tá Schneider Electric gníomhach i mbainistiú cumhachta (meánvoltas, ísealvoltas agus cumhacht shlán) agus i gcineálacha éagsúla réiteach bogearraí agus táirgí le haghaidh uathoibriú agus bainistiú fuinnimh.

— Is soláthraí réiteach fuinnimh é Uplight, a thairgeann bogearraí a chuireann ar a gcumas do thomhaltóirí deiridh faireachán a dhéanamh ar a nósanna tomhaltais fuinnimh agus iad a choigeartú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12424 — OCTOPUS ENERGY GROUP / SCHNEIDER ELECTRIC / UPLIGHT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË